Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en)

8212/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0241(COD)**

AGRI 272
AGRIFIN 83
FIN 534
CADREFIN 155
CODEC 670
ENV 353
FORETS 57

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 – Príomhroghanna dearaidh le haghaidh tacaíocht ioncaim<br>- Díospóireacht bheartais |

De réir an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta tar éis 2027, ní mór do na Ballstáit a áirithiú gur ar na feirmeoirí arb í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht agus a rannchuidíonn go gníomhach dá réir sin leis an tsláindáil bia a dhíreofar an tacaíocht ioncaim go príomha. Chuige sin, agus go háirithe chun an acmhainneacht bia a tháirgeadh ar fud an Aontais a choinneáil ar bun, níor mhór tacaíocht a dhíriú ar ghrúpaí sonracha feirmeoirí agus ar limistéir gheografacha a bhfuil tacaíocht ioncaim bhreise de dhíth orthu chun leanúint de bheith inmharthana agus slán i bhfad na haimsire, agus a n-acmhainneacht maidir le hoiriúnú agus fanacht iomaíoch amach anseo á neartú an tráth céanna.

Ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Samhna 2025, phléigh na hairí ról na tacaíochta ioncaim maidir leis an tslándáil bia a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr. Is cosúil go n-aithnítear go forleathan gur cheart tacaíocht ioncaim a dhíriú ar fheirmeoirí atá i mbun gníomhaíocht talmhaíochta, rud a chuirfidh le hathléimneacht na hearnála talmhaíochta agus leis an tslándáil bia, agus éagsúlacht na struchtúr talmhaíochta ar fud an Aontais á cur san áireamh ag an am céanna.

Ag tógáil ar an malartú sin, agus dul chun cinn an phlé maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán CBT tar éis 2027 á chur san áireamh, iarrann Uachtaránacht na Cipire ar na Ballstáit díriú ar na príomhroghanna dearaidh le haghaidh tacaíocht ioncaim sa togra sin.

Leis an togra ón gCoimisiún, tugtar isteach tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe (DABIS), lena gcuirtear íocaíochtaí ar fáil bunaithe ar heicteáir incháilithe, agus í simplithe den chuid is mó (deireadh na dteidlíochtaí), agus an tráth céanna tugtar isteach céimlaghdaitheacht chun tacaíocht d'fheirmeacha móra a laghdú de réir a chéile agus chun dáileadh níos cothroime a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuirfear uasteorainn EUR 100 000 in aghaidh na feirme in aghaidh na bliana leis na híocaíochtaí. Déanfar é a dhifreáil freisin ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, a bheidh nasctha le hioncam feirmeoirí. Ina theannta sin, déantar foráil ann maidir le tacaíocht a spriocdhíriú ar ghrúpaí sonracha feirmeoirí, amhail feirmeoirí óga agus feirmeoirí mná, eisiamh féideartha ó DABIS i gcás feirmeoirí a bhaineann aois scoir amach tar éis idirthréimhse (suas go dtí 2032), chomh maith le híosleibhéil agus uasleibhéil meántacaíochta in aghaidh an heicteáir a thabhairt isteach. Iarrtar ar na hairí a thabhairt dá n-aire go bhfuil roinnt gnéithe den chreat beartaithe sin fós á mbreithniú, ag an gcéim seo, i gcomhthéacs Bhosca Caibidlíochta Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034. I ndáil leis an méid sin, tá sé beartaithe leis an seisiún tuairimíochta sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh treoir a chur ar fáil agus rannchuidiú leis an bpróiseas leanúnach, gan féachaint le teacht ar chonclúidí ná réamhbhreith a thabhairt ar phlé CAI.

I dteannta a chéile, is forbairt iad na gnéithe sin ar dhearadh na tacaíochta ioncaim. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar spriocdhíriú agus ar dháileadh na tacaíochta (sa chlárthréimhse reatha, faigheann na 5 % is mó de thairbhithe CBT beagnach 50 % de na híocaíochtaí díreacha), agus ag an am céanna, rannchuidiú le cuspóirí níos leithne amhail slándáil bia, tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin, agus forbairt níos cothroime ar earnáil na talmhaíochta ar fud an Aontais a áirithiú. Éascaítear leo freisin atreorú i dtreo bearta agra-chomhshaoil agus aeráide, limistéir a bhfuil srianta orthu, agus earnálacha nó infheistíochtaí sonracha agus iomaíochas.

An tráth céanna, tarraingítear anuas leis na gnéithe sin ceisteanna tábhachtacha maidir lena dtionchar comhcheangailte. Go háirithe, d'fhéadfaidís difear a dhéanamh don mhéid seo a leanas:

- dáileadh na tacaíochta idir feirmeacha de mhéideanna agus de chineálacha éagsúla,
- inmharthanacht eacnamaíoch agus acmhainneacht infheistíochta feirmeacha,
- athnuachan ó ghlúin go glúin agus rochtain ar thalamh,
- agus an chothromaíocht idir creat coiteann de chuid an Aontais agus solúbthacht na mBallstát.

Fágann éagsúlacht na struchtúr talmhaíochta agus na ndálaí eacnamaíocha ar fud an Aontais go bhfuil na roghanna sin an-íogair. Cé go bhféadfadh cineálacha cur chuige níos comhchuibhithe, mar atá molta ag an gCoimisiún, rannchuidiú le cothrom iomaíochta agus le dáileadh tacaíochta níos cothroime, d'fhéadfaidís teorainn a chur freisin le cumas na mBallstát tacaíocht ioncaim a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin. Os a choinne sin, d'fhéadfaí oiriúnú ar bhealach níos fearr do chomhthéacsanna náisiúnta le níos mó solúbthachta, ach d'fhéadfadh ilroinnt agus leibhéil mhíchothroma tacaíochta ar fud an Aontais a bheith mar thoradh air chomh maith.

Ina theannta sin, ní mór a áirithiú le dearadh DABIS go leanfaidh tacaíocht ioncaim de bheith mar bhonn taca faoi inbhuanaitheacht eacnamaíoch feirmeacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ról lárnach acu ó thaobh acmhainneacht táirgeachta a choinneáil ar bun agus rannchuidiú leis an tslándáil bia. Ar an taobh eile den scéal, tá sé tábhachtach freisin go dtabharfaidh DABIS aghaidh ar an ngá atá le dáileadh cothrom tacaíochta agus go n-éascóidh sé athnuachan ó ghlúin go glúin.

I bhfianaise an mhéid sin, molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas a phlé:

1. *I do thuairimse, cá mhéad ba cheart spriocdhíriú na tacaíochta ioncaim a bheith faoi threoir rialacha comhchoiteanna an Aontais chun cothroime a áirithiú ar fud an Aontais, agus cá háit ar cheart do na Ballstáit solúbthacht a choinneáil ar bun chun a sainiúlachtaí féin a léiriú?*

2. *Cad iad do thuairimí maidir leis na sásraí atá beartaithe i ndáil le céimlaghdaitheacht agus uasteorannú tacaíochta ioncaim chun rannchuidiú le dáileadh tacaíochta níos cothroime agus, ag an am céanna, inmharthanacht eacnamaíoch feirmeacha ar fud an Aontais a chaomhnú agus a ról sa tslándáil bia a áirithiú?*